Fáilte ród, a Rí na n-aingeal

[McKenna, L.: *Dánta do chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh*, Dublin 1919, poem 16]

Don Naomh-Shacraimint

1 Fáilte ród a Rí na n-aingeal
d'éis do chaithte a chuirp an Ríogh
ag so an chlí nach cóir dod ghuidhe
fóir a Rí gach nduine díon.

2 Dia do bheatha a abhlainn uasal
a Íosa Chríosd a chroth shoirbh
Dia do bheatha a bhláth an fhaoiligh
gnáth beatha gach aoinfhir oirbh.

3 Dia do bheatha a bhláth an lile
a leinbh óigh as arsaidh aois
Dia do bheatha a chnú mo chroidhe
is tú an bheatha [as ghloine gaois].

4 Dia do bheatha a oighre an aird-ríogh
do airg Iofarnn uaimh na locht
Dia do bheatha a chlí dar gcabhair
a Rí an bheatha i n-aghaidh m'olc.

5 Tugadh duit a inghean Anna
d'fhuighlibh aingil aobhdha an glór
Rí an bheatha na Dhia 's na dhuine
Dia do bheatha a Mhuire mhór.

6 Dia do bheatha a aingil uasail
ainigh mise a mhaoir an Ríogh
bíom id rann i rí-thír nimhe
rann [a] Mhíchíl dlighe díom. FÁILTE